# Ó GHÉARCHÉIM
# **GO TÉARNAMH**



**CLÁR OIBRE CEITHRE BLIANA 2013–2016**

## Beartais níos eolaí le haghaidh Eoraip iomaíoch agus chothrom

Eurofound

Eurofound

# Ó GHÉARCHÉIM
# **GO TÉARNAMH**

**CLÁR OIBRE CEITHRE BLIANA 2013–2016**

**Beartais níos eolaí le haghaidh Eoraip iomaíoch agus chothrom**

Tá tuilleadh faisnéise faoin Aontas Eorpach ar fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).

Tá nóta leabhareolach le fáil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2012

© An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, 2012

Grianghraf clúdaigh: © PhotoAlto/Sigrid Olsson/Getty Images

Tá íomhánna eile © Eurofound ach amháin sa chás go luaitear a mhalairt

Tá atáirgeadh údaraithe ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.

# Réamhfhocal





De réir mar a thugann Eurofound faoi chlár oibre ceithre bliana nua, tá cuid de na dúshláin is mó riamh os comhair na hEorpa. Tá na hionchais le haghaidh forbartha eacnamaíche agus sóisialta san Eoraip agus i gcodanna eile den domhan ag éirí níos neamhléire. Ní fios cén tionchar a bheidh ag an ngéarchéim ar chomhtháthú Eorpach agus cén impleachtaí a bheidh i gceist maidir le cáilíocht na beatha agus na hoibre. Agus tá neamhchinnteacht faoi na bearta éagsúla arna nglacadh chun an ghéarchéim eacnamaíochta dhomhanda a mhaolú. Cad iad agus an mbeidh siad imleor chun straitéis scoir réadúil a leagan amach don Eoraip thar na blianta amach romhainn?

Is sa chomhthéacs sin a bhfuil aghaidh á tabhairt ag an Eoraip ar an dúshlán de réitigh a aimsiú i gcomhréir lena tiomantas do dhálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú do gach duine laistigh d'Eoraip iomaíoch agus chothrom.

Rannchuideoidh Eurofound leis an bpróiseas tríd an gclár oibre seo. Dréachtaíodh é i bhfianaise an chúlra shóisialta agus eacnamaíoch seo agus leis na príomhriachtanais seo chun tosaigh, agus mar sin léiríonn tosaíochtaí an chláir seo an dúshlán reatha de dhéileáil leis an ngéarchéim agus an uaillmhian mheántéarmach de dhul chun cinn a dhéanamh i dtreo Eoraip atá iomaíoch agus cothrom – agus an méid sin, dár ndóigh, leis an uaillmhian fhoriomlán d'Eoraip a chur ar an mbealach ceart arís. Ag cur le breis agus 30 bliain de thaighde agus saineolas ag freastal ar chinnteoirí na hEorpa – institiúidí AE, rialtais náisiúnta agus páirtithe sóisialta – cuireann an clár seo an creat straitéiseach i láthair le haghaidh obair an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú.

Tá sé fós ina chuid lárnach de mhisean Eurofound freagairt do riachtanais faisnéise na ndaoine a bhfuil sé de dhualgas orthu ról tábhachtach a chomhlíonadh maidir le beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cáilíocht na beatha agus na hoibre san Eoraip a fheabhsú ar bhealach ábhartha, tráthúil agus inrochtana. De réir na straitéise Eoraip 2020, ní hamháin go bhfuil an uaillmhian ag an Eoraip ach tá na huirlisí aici chomh maith le brú ar aghaidh níos láidre fós ón ngéarchéim seo. Tá tiomantas Eurofound don uaillmhian sin, agus do thacú leis na huirlisí riachtanacha agus dá bhforbairt, aonchiallach. Creidimid go láidir go soláthraíonn an clár oibre ceithre bliana seo bonn buan dúinn chun toradh a bhaint amach ina leith sin.

**Juan Menéndez-Valdés**
Stiúrthóir

**Stefania Rossi**
Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe



*[thuas]*
Baill foirne Eurofound agus comhaltaí an Bhoird Rialaithe i Meitheamh 2012. Tá an Bord Rialaithe déanta suas d'ionadaithe an Choimisiúin Eorpaigh agus rialtais agus páirtithe sóisialta (fostaithe agus ceardchumainn) Bhallstáit an AE.

*[leathanach roimh ré]*
Juan Menéndez-Valdés, Stiúrthóir Eurofound, agus
Stefania Rossi, Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe.

# Clár ábhair

**leathanach 3**
Réamhfhocal

**leathanach 6**
1. Comhthéacs beartais

**leathanach 9**
2. Misean agus fís Eurofound

**leathanach 10**
3. Cuspóirí straitéiseacha Eurofound don tréimhse 2013-2016

**leathanach 11**
4. Réimsí tosaíochta beartais do ghníomhaíochtaí Eurofound 2013-2016

**leathanach 18**
5. Príomhghníomhaíochtaí agus creat oibriúcháin

**leathanach 24**
6. Acmhainní eagraíochtúla

**leathanach 27**
7. Measúnú agus monatóireacht ar fheidhmíocht

# 1. Comhthéacs beartais



Tá feabhsú ar dhálaí maireachtála agus oibre agus a gcomhchuibhiú mar cheann de phríomhspriocanna an chomhtháthaithe Eorpaigh ón tús agus luaitear go sonrach é mar chuspóir in Airteagal 151 de bhonn dlí reatha an Aontais, an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Rinneadh dul chun cinn suntasach laistigh de shochaithe agus idir na Ballstáit ó na 1950aidí i leith, nuair a thosaigh grúpa de sé thír Eorpacha amach ar an mbealach seo ar dtús.

Ní mór an téarnamh a mhúnlú ar shlí ina dtabharfar an Eoraip ar ais chuig bealach an fháis chliste, inbhuanaithe agus chuimsithigh, de réir mar a léirítear sa straitéis Eoraip 2020[1] agus a shonraítear i bpleananna gníomhaíochta a seacht dtionscnamh suaitheanta. Tá geilleagar margaidh shóisialta na hEorpa fós ina chuid de gheilleagar domhanda atá ag síorathrú. Is í an cheist ná: Cad iad na beartais agus na hathchóirithe lena gcinnteofar todhchaí na hEorpa san ord domhanda éiritheach agus lena ndéanfar meath a chosc, fad is a ndéanfar tréithe agus éachtaí an mhúnla eacnamaíochta agus sóisialta Eorpaigh a chaomhnú?

Is é an dúshlán láithreach don Aontas Eorpach ná bogadh ar aghaidh go rathúil ón ngéarchéim eacnamaíochta. Tá méadú 6.4 milliún tagtha ar dhífhostaíocht idir 2008 agus 2011, agus cé go bhfuil téarnamh tosaithe i roinnt Ballstát agus poist á gcruthú i roinnt earnálacha den gheilleagar, tá an fás fós rólag agus ró-éiginnte chun líon imleor post a chruthú. Beidh tionchair fhadtéarmacha an chaillteanais phoist ollmhóir agus na dífhostaíochta struchtúrtha fós le feiceáil i mórán Ballstát. Tá géarghá le fostaíocht a sholáthar do níos mó daoine óga. Ó thús na géarchéime eacnamaíochta, tá méadú suntasach tagtha ar dhífhostaíocht i measc daoine óga i bhformhór na mBallstát. D'fhéadfadh costas suntasach ar an leibhéal aonair agus ar leibhéal na sochaí araon a bheith i gceist dá bharr sin. Ní dócha go dtiocfaidh feabhas ar an scéal sna blianta beaga atá le teacht.

Dá bhrí sin, is é cruthú poist an dúshlán is mó maidir le dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú do shaoránaigh na hEorpa. Déanann easpa poist sochaithe a roinnt, bíonn sí ina cúis le heisiamh sóisialta agus le neamhionannais a mhéadú. Tá fás a chinntiú lena gcruthófaí poist agus deiseanna fostaíochta ardchaighdeáin ríthábhachtach chun comhtháthú sóisialta a bhaint amach.

Tá sé níos deacra tionchair an choir chun donais eacnamaíoch agus na géarchéime fostaíochta dá thoradh a mhaolú de bharr buiséad déine agus rialtas a bhfuil an iomad fiach acu. Is é an dúshlán le haghaidh rialachais eacnamaíoch Eorpaigh ná an chothromaíocht is fearr a aimsiú idir smacht fioscach a bhaint amach agus fás eacnamaíoch a chothú. Ní mór do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar fhiachas ceannasach méadaitheach agus ar mhíchothromaíochtaí buiséid gan an cumas a chailliúint chun gníomhaíocht eacnamaíoch a threisiú agus tacaíocht a sholáthar do shaoránaigh trína gcórais slándála sóisialta agus a mbeartais margaidh shaothair ghníomhacha.

Tá an ghéarchéim tar éis an gá le hathchóirithe níos fadtéarmaí ach fós práinneach a threisiú. Ní mór athrú déimeagrafach a bhainistiú chun sochaithe aosaithe gníomhacha

[1] Le tuilleadh faisnéise a fháil ar an Eoraip 2020, a cuid tionscnamh suaitheanta agus gníomhartha gaolmhara, téigh chuig http://ec.europa.eu/europe2020/index_en.htm



© dispa–blogspot.be

> *Is é cruthú poist an dúshlán is mó maidir le dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú do shaoránaigh na hEorpa*

agus inbhuanaithe a chur chun cinn. Is saincheist í cúram ardchaighdeáin, inacmhainne a sholáthar do líon méadaitheach daoine scothaosta. Tá sé riachtanach freisin oibrithe a choimeád i bhfostaíocht ar feadh tréimhse níos faide de thoradh ar athrú déimeagrafach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar réitigh nua le haghaidh dálaí oibre agus gairmréimeanna a chabhraíonn le hoibrithe a gcuid sláinte fisicí agus meabhrach a choinneáil – chomh maith le spreagadh agus táirgiúlacht – ar feadh saolré oibre níos faide. I bhfianaise bhrúnna an athraithe dhéimeagrafaigh, ní mór timpeallacht oibre a chruthú a shásóidh riachtanais grúpaí éagsúla oibrithe – ní hamháin oibrithe níos sine ach iad siúd a bhfuil freagrachtaí cúraim acu freisin, mar shampla, nó daoine faoi mhíchumas fisiceach nó a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu – d'fhonn rannpháirtíocht an líon is mó daoine is féidir san fhórsa saothair a chumasú. D'fhéadfadh foirmeacha nua oibre agus bealaí nua-aoiseacha eagraithe oibre, in éineacht le teicneolaíocht go minic, cabhrú chun an dinimic riachtanach a chruthú. Is cosúil freisin go neartóidh na cleachtais sin iomaíochas cuideachtaí i ngeilleagar atá bunaithe ar eolas. Ag an am céanna, i saol oibre atá ag athrú, ina bhfuil riachtanais scileanna ag méadú agus ag athrú, mar aon le héilimh ar sholúbthacht agus déine oibre níos mó, tá gá níos mó le tacaíocht. Ní mór dálaí a chuireann ar chumas oibrithe fanacht sa mhargadh saothair a chosaint agus athimeascadh na ndaoine a eisiadh a chumasú.

Beidh tuilleadh iarrachtaí, amhail athchóirithe a fheabhsaíonn fás, de dhíth chun Eoraip a chur ar an mbealach chuig téarnamh inbhuanaithe. D'fhonn a chinntiú go gcruthófar poist de thoradh ar fhás, go méadófar an fórsa saothair de réir mar a éireoidh daonraí níos sine agus go mbeidh na scileanna cearta ag oibrithe ní mór athchóirithe a dhéanamh i mórán réimsí, lena n-áirítear córais oideachais agus gairmoiliúna, córais chánachais agus chosanta sóisialta agus soláthar cúraim. Rinneadh leibhéil níos airde imirce agus soghluaisteachta laistigh den AE a phlé mar fhéidearthachtaí chun cuid d'iarmhairtí an athraithe dhéimeagrafaigh agus easnaimh ó thaobh oibrithe oilte de, atá ag tarlú i roinnt Ballstát cheana féin, a mhaolú. Ní chuireann siad sin réitigh shimplí ar fáil áfach, agus tá aincheisteanna sóisialta agus polaitiúla i gceist ar ghá iad a bhreithniú agus a bhainistiú.

Soláthraíonn an gá le gníomh beartais chun dul i ngleic le dúshláin láithreacha an deis rudaí a fheabhsú go fadtéarmach. Má chuirtear tús le hathchóirithe anois, d'fhéadfadh siad cabhrú chun dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chinntiú agus chun dálaí maireachtála agus oibre feabhsaithe a bhaint amach san AE mar thoradh. Ag an am céanna, caithfimid a bheith cúramach nach mbeidh tionchar díréireach ag na hathchóirithe sin ar ghrúpaí leochaileacha inár sochaí. Ciallaíonn scála mór na géarchéime eacnamaíochta go measann codanna móra den sochaí go bhfuil a gcuid slándála agus a gcaighdeáin maireachtála i mbaol anois. Ní mór aghaidh a thabhairt air sin, má táthar chun tacaíocht don tionscadal Eorpach a choinneáil i measc a saoránach.

Tá stair an AE bunaithe ar chomhar mar an mbealach is fearr chun dul i ngleic le dúshláin. Léiríonn an t-eispéireas Eorpach ar leith gur trí chomhairliúchán agus comhpháirtíochtaí idir grúpaí leasa éagsúla laistigh de shochaithe a fhaightear réitigh chothroma agus tháirgiúla. Tá an Eoraip tar éis brath ar idirphlé agus comhar i measc phríomhpháirtithe an mhargaidh shaothair – rialtais, ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí – agus bíonn sí ag brath ar an gcaoi ina gcomhlíonann siad a ról i gcomhthéacs beartais athraitheach. Ar thaobh na bpáirtithe sóisialta, tá tiomantas láidir do réitigh a mholadh d'fhonn cabhrú le fás, fostaíocht agus comhtháthú sóisialta agus chun an múnla sóisialta Eorpach a fhorbairt a thuilleadh.



© Digital Vision Ltd.

Is é misean Eurofound eolas a sholáthar le cabhrú chun beartais a bhaineann le hobair agus leis an tsochaí a fhorbairt

# 2. Misean agus fís Eurofound

Is é misean Eurofound eolas a sholáthar le cabhrú chun beartais a bhaineann le hobair agus leis an tsochaí a fhorbairt Tá an ról a leagadh amach sa Rialachán Bunaitheach i 1975 chomh bailí inniu is a bhí ag an am:

> ***Beidh sé mar aidhm an Fhorais cuidiú le pleanáil le haghaidh dálaí feabhsaithe maireachtála agus oibre agus iad a chur ar bun trí ghníomhaíochtaí arna ndearadh chun eolas a mhéadú agus a scaipeadh ar cosúil go gcabhróidh sé leis an bhforbairt sin. Agus an aidhm sin á coimeád i gcuimhne, is iad a bheidh mar thascanna an Fhorais ná smaointe a fhorbairt agus gníomhartha a ghlacadh ina leith maidir le dálaí maireachtála agus oibre a fheabhsú go meántéarmach agus go fadtéarmach, i bhfianaise taithí praiticiúil, agus fachtóirí a aithint a bheidh ina gcúis le hathrú.***

Cuireann Eurofound comhairle ar na hinstitiúidí Eorpacha agus freastalaíonn sé ar riachtanais fhaisnéise lucht déanta beartas i rialtais, ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí. Tá an **cur chuige trípháirteach** sin léirithe i struchtúr a Bhoird Rialaithe agus cuireann sé breisluach faoi leith leis. Tá sé ríthábhachtach d'ábharthacht obair Eurofound agus do chreidiúnacht an ionchuir arna sholáthar do lucht déanta beartas.

Is féidir le Eurofound a rannchuidiú is luachmhaire a dhéanamh trí chur leis na **réimsí saineolais** lárnacha atá forbartha aige cheana féin. Tá aitheantas ar an nGníomhaireacht dá bonn eolais láidir i réimse na ndálaí oibre. Is í an chéad fhoinse le haghaidh faisnéise comparáidí ar chaidreamh tionsclaíoch agus idirphlé shóisialta san AE chomh maith agus aithnítear í dá tuiscint dhomhain ar shaincheisteanna a bhaineann le dálaí maireachtála agus cáilíocht na beatha. Forbraíodh réimse saineolais eile, athrú struchtúrtha agus athstruchtúrú, ó 2001, tar éis chonclúidí Chomhairle Eorpach Nice.

Déanann an Ghníomhaireacht a dícheall an fhaisnéis ar an gcáilíocht is airde is féidir a sholáthar ina réimsí saineolais: iontaofa go heolaíoch agus neamhlaofa. Is í fís Eurofound go n-úsáidfear an t-eolas sin chun beartais éifeachtacha a fhorbairt a bhfeabhsófar cáilíocht na beatha agus na hoibre in Eoraip iomaíoch agus chothrom dá dtoradh.

# 3. Cuspóir straitéiseach Eurofound don tréimhse 2013-2016



Is é an cuspóir straitéiseach do 2013–2016 ná eolas ardchaighdeáin, tráthúil, a bhaineann le beartais a sholáthar mar ionchur le haghaidh beartas níos eolaí i gceithre réimse tosaíochta:

| | |
|---|---|
| 1 | Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus dul i ngleic le dífhostaíocht trí phoist a chruthú, trí fheidhmiú an mhargaidh shaothair a fheabhsú agus trí chomhtháthú a chur chun cinn. |
| 2 | Dálaí oibre a fheabhsú agus obair a dhéanamh inbhuanaithe ar feadh an tsaoil. |
| 3 | Caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt chun réitigh chothroma agus tháirgiúla a chinntiú i gcomhthéacs beartais athraitheach. |
| 4 | Dálaí maireachtála a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise éagothromaíochtaí eacnamaíochta agus neamhionannais shóisialta. |

Soláthróidh Eurofound fíricí agus figiúirí, léireoidh sé treochtaí agus déanfaidh sé anailís ar bheartais agus chleachtais mar bhonn do chomhairle bunaithe ar fhianaise chun freagairtí beartais a fhorbairt sna ceithre réimse tosaíochta beartais seo.

# 4. Réimsí tosaíochta beartais do ghníomhaíochtaí Eurofound 2013-2016

Réimsí tosaíochta beartais do ghníomhaíochtaí Eurofound 2013-2016

Bunaithe ar an anailís ar an gcomhthéacs beartais, d'aithin Eurofound ceithre réimse ina gcabhróidh beartais níos eolaí chun an ghéarchéim a shárú agus chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a bhaint amach agus inar féidir leis an nGníomhaireacht eolas a sholáthar, i bhfianaise a príomhréimsí saineolais. Cabhróidh an t-eolas sin chun na beartais sin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach, ag cur le Eoraip 2020, agus a tionscnaimh shuaitheanta.[2]

## 1 Rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a mhéadú agus dul i ngleic le dífhostaíocht trí phoist a chruthú, trí fheidhmiú an mhargaidh shaothair a fheabhsú agus trí chomhtháthú a chur chun cinn

I gcomparáid le tréimhse an chláir oibre ceithre bliana roimhe seo, níl mórán amhrais gurb é staid i bhfad níos measa an mhargaidh shaothair an t-athrú is tábhachtaí sa chomhthéacs atá mar bhunús chun dálaí maireachtála agus oibre san Eoraip a chinneadh. Cad iad na hathruithe is suntasaí sa mhargadh saothair? Cá bhfuil poist á gcailleadh, cá bhfuil siad á ngnóthú? Cé mhéid oibrithe a mbíonn mímhisneach orthu agus a fhágann an margadh saothair de bharr post a chailleadh nó de bharr dífhostaíochta? Cén tionchar a bhíonn ar am oibre nuair a dáiltear níos mó oibre i measc líon níos lú oibrithe? Déanfaidh Eurofound gníomhaíochtaí **monatóireachta ar an margadh saothair** an Lárionaid Eorpaigh um Fhaireachán ar Athrú a threisiú chun an fhaisnéis a sholáthar atá riachtanach chun mórán de na ceisteanna sin a fhreagairt.

Is cosúil go mór gurb é a bheidh mar an bpríomhábhar imní ó thaobh beartais de ná poist nua a chruthú agus **poist atá ann cheana féin a chosaint**. Ós rud é go raibh tionchar an-difriúil ag an ngéarchéim eacnamaíochta ar an margadh saothair sna Ballstáit éagsúla, is mian le lucht déanta beartas a fháil amach cad iad na beartais, na creataí rialála agus na cleachtais a mhíníonn tionchar na géarchéime ar fhostaíocht. Aithneoidh Eurofound dea-fheidhmíocht i gcruthú poist glan agus déanfaidh sé tionscnaimh is cúis leis na torthaí sin a scrúdú. Tabharfar aird speisialta ar chur chuige comhpháirtíochta agus ar thionscnaimh ar leibhéal an réigiúin, a thagann chun cinn go minic tar éis caillteanais phoist an-dian de bharr athstruchtúraithe. Déanfar iniúchadh freisin ar an bhféidearthacht d'fhostaíocht a fhás i gcineálacha éagsúla gnólachtaí beaga. Sa bhreis air sin, leanfaidh Eurofound air ag déanamh anailíse ar bhealaí cuiditheacha atá freagrach go sóisialta chun **athrú a bhainistiú le linn athstruchtúraithe**. Déanfar iniúchadh ar thionscnaimh um obair a chomhroinnt mar bhealach chun poist a choimeád. Léiríonn roinnt de na cineálacha cur chuige seo comhar trípháirteach, amhail scéimeanna oibre gearr-ama.

Tá mórán Ballstát ag tabhairt isteach athchóirithe d'fhonn feabhas a chur ar f**heidhmiú an mhargaidh shaothair**. Cad iad iarmhairtí na n-athchóirithe sin ó

[2] Leagtar amach míniú níos mionsonraí ar an rannchuidiú seo i gcaibidil 5 faoi 'Creat oibriúcháin'.



© Axel Hartmann

*“Is é an t-ábhar imní beartais sáraitheach ná conas poist nua a chruthú agus poist atá ann cheana féin a chosaint”*

thaobh tionchar dearfach a bheith acu ar leibhéil fhostaíochta chomh maith lena bhfothorthaí diúltacha, mar shampla maidir le neamhionannais? Aithneoidh Eurofound athchóirithe roghnaithe ar an margadh saothair a bhfuil sé d'aidhm acu leibhéil fhostaíochta a mhéadú agus scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi ina bhfuil siad á measúnú agus ar thorthaí na measúnuithe sin.

I bhfianaise margaí saothair athraitheacha, níos solúbtha, tá ceist na n-aistrithe rathúla ag éirí níos ábhartha i gcónaí. Cé mhéid atá bealaí gairmréime ag teacht chun cinn? Cad iad na príomh-aistrithe sa saol oibre reatha? Cén tionchair a bhíonn acu ar na hoibrithe lena mbaineann siad? Conas is féidir aistrithe a éascú agus cad iad iarmhairtí aon easpa tacaíochta? Conas is féidir foirmeacha solúbtha fostaíochta agus bealaí éagsúlaithe a chomhcheangal le gnéithe a fheabhsaíonn slándáil an oibrí? Déanfaidh taighde leanúnach Eurofound ar sholúbthacht agus socracht an cheist dheireanach sin a phlé, i measc eile. Déanfaidh an Ghníomhaireacht monatóireacht ar an gcaoi ina bhfuil **conairí an mhargaidh shaothair** ag athrú agus déanfaidh siad cineálacha éagsúla aistrithe a bhaineann le beartas a scrúdú. Cuimseofar leis sin, mar shampla, aistrithe idir poist, cineálacha éagsúla fostaíochta, idir dífhostaíocht agus fostaíocht agus idir fostaíocht agus scor. Tá margaí saothair a fheidhmíonn go maith ina réamhriachtanas, ní hamháin chun an ghéarchéim a shárú ach le haghaidh téarnaimh inbhuanaithe agus fáis amach anseo chomh maith. I bhfianaise dhinimic na margaí saothair agus luas tapa an athraithe, is tasc an-dúshlánach é seo lena bhféadfaidh gníomhaíochtaí **ionchasaithe** an Lárionaid Eorpaigh um Fhaireachán ar Athrú (EMCC) rannchuidiú.

Is dúshlán beartais ar leith é aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna sa mhargadh saothair agus a chinntiú go ndéantar folúntais phoist a líonadh. Tá ról speisialta ag soghluaisteacht an lucht saothair in aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna geografacha. Cén cineál bacainní a dhéanann soghluaisteacht a dhímholadh? Cad iad na beartais a thug Ballstáit isteach chun soghluaisteacht agus imirce a chur chun cinn agus cad iad na bealaí inar éirigh leo? Cén bhaint a bhí ag páirtithe sóisialta leis na beartais sin? Aithneoidh Eurofound beartais inar nascadh soghluaisteacht agus imirce le beartais mhargaidh shaothair go rathúil.

Ardaíonn an fócas reatha ar théarnamh an mhargaidh shaothair an cheist de cibé an mbeidh an téarnamh sin tapa go leor agus imleor chun sochaithe cuimsitheacha a chinntiú. Tá lucht déanta beartas ag lorg samplaí de **thionscnaimh eile chun déileáil le dífhostaíocht**. Baineann sé sin go háirithe le daoine óga agus dar ndóigh le bealaí chun aistriú daoine óga isteach sa mhargadh saothair a fheabhsú agus beidh a gcuimsiú sa tsochaí fós ina mhórthosaíocht do lucht taighde Eurofound laistigh dá shainchúram.



© Patrick Shéandell O'Carroll/PhotoAlto

*“Tá na fachtóirí a chuireann taca faoi obair inbhuanaithe ar feadh an tsaoil oibre mar ábhar spéise speisialta”*

## 2 Dálaí oibre a fheabhsú agus obair a dhéanamh inbhuanaithe ar feadh an tsaoil


Fanfaidh comhairle bunaithe ar fhianaise ar féidir í a úsáid chun dálaí oibre a fheabhsú i gcroílár chlár oibre Eurofound. Tá roinnt príomhdhúshlán os comhair lucht déanta beartas ar gá do lucht taighde Eurofound aghaidh a thabhairt orthu. Cad iad na coinníollacha is gá a chomhlíonadh más mian linn an saol oibre a leathnú agus má tá oibrithe chun fanacht i bhfostaíocht níos faide? Cad is féidir a dhéanamh lena chinntiú go bhféadfaidh daoine a bhfuil riachtanais agus cumais éagsúla acu a bheith rannpháirteach sa mhargadh saothair agus go mbainfear amach rátaí arda fostaíochta agus go gcoinnítear iad? Cad iad na beartais ar féidir leo cabhrú lena chinntiú gur féidir le cuideachtaí líon imleor oibrithe spreagtha agus táirgiúla a earcú agus a choinneáil, ar mhaithe lena n-iomaíochas a chur chun cinn?

Tagann na dúshláin thuasluaite chun cinn ón ngá dul in oiriúint don athrú déimeagrafach agus staid iomaíoch na hEorpa a choinneáil i saol domhandaithe, agus ó fhianaise go bhfuil ról tábhachtach ag dálaí oibre maithe i bhfolláine fhoriomlán daoine.

Déanfaidh Eurofound monatóireacht ar **fhorbairtí agus treochtaí i ndálaí oibre** agus aithneoidh siad na fachtóirí a théann i bhfeidhm orthu – go dearfach agus go diúltach araon – agus déanfaidh siad anailís orthu, ar bhonn an tSuirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip (EWCS), an Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí (ECS) agus an fhaireachlann chomhtháite ar chaidreamh tionsclaíoch agus dálaí oibre. Déanfaidh sé imscrúdú ar an gcaoi ina dtéann **reachtaíocht, caibidlíocht agus beartais agus cleachtais sa láthair oibre** i bhfeidhm ar na fachtóirí sin, agus aithneoidh sé na huirlisí atá ar fáil do ghníomhaithe sóisialta.

Tá na fachtóirí a chuireann taca faoi **obair inbhuanaithe** ar feadh an tsaoil oibre ina n-ábhar spéise speisialta. Déanfar iniúchadh ar fhachtóirí a théann i gcion ar cháilíocht na hoibre ó thaobh dearcaidh shaolré de, amhail déine na hoibre nó neamhspleáchas oibrithe, eagrú an ama oibre nó cothromaíocht oibre is saoil. Ach ní mór saincheisteanna beartais níos leithne a théann i gcion ar inbhuanaitheacht oibre agus fostaíochta – amhail beartais chun infhostaitheacht a chothú, nó rochtain ar sheirbhísí cúraim – a iniúchadh chomh maith. Tacóidh na gníomhaíochtaí thuas le hiarrachtaí na n-institiúidí Eorpacha chun táscairí a fheabhsú agus creat monatóireachta a fhorbairt le haghaidh cháilíocht na hoibre.

D'fhéadfadh dúshláin bhreise a bheith i gceist de bharr **neamhionannas i ndálaí oibre**. Ciallaíonn na neamhionannais sin go mbíonn costais shóisialta agus eacnamaíochta i gceist do na daoine aonair a mbíonn tionchar díreach acu orthu, agus ar an tsochaí níos leithne chomh maith. Díreoidh Eurofound ar ghrúpaí a scrúdú atá nochta do mórán míbhuntáiste, ar mhonatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar mhéid na faidhbe, agus ar bheartais agus cleachtais rathúla a aithint ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin. Déanfar bochtaineacht i bhfostaíocht a mheas san anailís seo. Tabharfar aird freisin ar réimsí dul chun cinn maidir le dálaí oibre a fheabhsú



> *"Ní mór don AE a bheith ar 'bhóthar ard' i dtreo an iomaíochais agus cáilíocht oibre agus fostaíochta feabhsaithe i gceist"*

© Digital Vision Ltd.

agus na cleachtais agus na beartais a chabhraigh chun a leithéid a bhaint amach.

Teastaíonn ón Aontas Eorpach teacht slán ón ngéarchéim ar 'bhóthar ard' i dtreo an iomaíochais, a mbeidh cáilíocht feabhsaithe oibre agus fostaíochta ag baint leis. An féidir le Eurofound socruithe a aithint i gcuideachtaí ina mbaineann fostaithe tairbhe as dálaí oibre maithe agus ina mbaineann cuideachtaí tairbhe as fórsa saothair an-spreagtha, nuálach agus táirgiúil? Cad iad na beartais ar féidir leo glacadh na gcleachtas sin a chur chun cinn, **ag cruthú socruithe ina mbíonn bua ag gach taobh**, i níos mó cuideachtaí? Conas atá cuideachtaí ag dul in oiriúint d'fhórsa saothair atá ag éirí níos éagsúla agus ag cur leis? Soláthróidh an tríú Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí faisnéis faoi eagrú oibre, nuálaíocht sa láthair oibre, rannpháirtíocht oibrithe, agus idirphlé sóisialta i gcuideachtaí, trína gcuirfear faisnéis ar fáil do thaighde amach anseo. Áireofar leis sin conas is féidir le timpeallachtaí foghlama forbairt agus úsáid níos fearr scileanna sa láthair oibre a chur chun cinn, ag cothú infhostaitheacht oibrithe agus iomaíochas cuideachtaí.

Leanfaidh an obair ag athrú agus tabharfaidh Eurofound aird ar dhúshláin éiritheacha agus ar na deiseanna agus na bagairtí a bhaineann leo.

## 3 Caidreamh tionsclaíoch a fhorbairt chun réitigh chothroma agus tháirgiúla a chinntiú i gcomhthéacs beartais athraitheach

Tá idirphlé sóisialta ina ghné ríthábhachtach den mhúnla sóisialta Eorpach, atá cumhdaithe sa CFAE. Bhí ról cuiditheach aige go minic i réitigh nua agus chothroma a aimsiú agus tá sé fíorthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin reatha agus ar dhúshláin amach anseo do chuideachtaí agus d'oibrithe. Trí idirphlé sóisialta, is féidir comhleasanna a aithint agus dul sa tóir orthu – le go mbainfeadh an dá thaobh agus an tsochaí níos leithne tairbhe astu – agus is féidir leasanna éagsúla a thabhairt chun réitigh.

Tá ról an idirphlé shóisialta agus rannpháirtíocht páirtithe sóisialta i múnlú beartas fostaíochta agus sóisialta agus i ndálaí oibre a shocrú ina chuid ríthábhachtach de ghníomhaíochtaí Eurofound. Dá bhrí sin, déantar idirphlé sóisialta, agus ról na bpáirtithe sóisialta i réitigh a aimsiú agus a chur i bhfeidhm, a phríomhshruthú i ngach réimse tosaíochta beartais sa chlár seo.

I gcomhthéacs athraitheach eacnamaíoch agus beartais tá suim faoi leith i níos mó a fhoghlaim faoi dhinimic an chaidrimh thionsclaíoch féin áfach. Cén tionchar atá ag an staid eacnamaíoch chodarsnach ar idirphlé sóisialta? Conas atá athruithe ar rialachán ar leibhéal AE agus ar leibhéal náisiúnta nó cineálacha nua rialachais eacnamaíoch Eorpaigh ag dul i gcion ar na próisis agus na torthaí? Conas atá córais ar an leibhéal náisiúnta ag oiriúnú? Conas atá a ról á chur in oiriúint do dhálaí athraitheacha ag na gníomhaithe? Cén baint atá acu le hathchóirithe sóisialta agus cad a mheasann rialtais faoina rannchuidiú?

Beidh monatóireacht ar **threochtaí agus forbairtí i gcaidreamh tionsclaíoch** fós ina cuid lárnach d'obair Eurofound le cabhrú chun na ceisteanna sin a fhreagairt. Déanfar staidéar ar na straitéisí arna nglacadh ag na páirtithe sóisialta i bhfianaise theacht chun cinn an mhúnla shóisialta Eorpaigh. Tabharfar aghaidh sa taighde freisin ar

© iStockphoto.com/Photomorfic



> *Tá sé ina chuspóir lárnach idirphlé sóisialta agus ról na bpáirtithe sóisialta a phríomhshruthú ar fud gach réimse tosaíochta beartais*

athruithe i gcórais náisiúnta agus ar fhorbairt ar leibhéil éagsúla (idir-earnálach, earnálach, cuideachta), ar an gcaoi ina n-idirghníomhaíonn na leibhéil sin agus ar an mbaint eatarthu agus an leibhéal Eorpach. Déanfar anailís chomh maith ar an mbealach ina dtugann **réitigh nuálacha** aghaidh ar fhadhbanna nua. Cuirtear spéis faoi leith sa chaoi ina bhfuil aghaidh á tabhairt ag na páirtithe sóisialta ar dhálaí eacnamaíochta deacra, mar shampla trí athruithe ar **shocrú pá agus ar mheicníochtaí socraithe pá**, agus ar an gcaoi ina bpléann páirtithe sóisialta le fostaíocht agus iad i mbun caibidlíochta.

Tabharfar aird ar an **leibhéal Eorpach** chomh maith. Leanfaidh Eurofound de thacú le hobair an idirphlé shóisialta Eorpaigh, lena n-áirítear trína chuid **staidéar ar ionadaíochas** na bpáirtithe sóisialta. Déanfaidh lucht taighde tuilleadh scrúdaithe ar an gcaoi ina bhfuil próisis ar leibhéal Eorpach tar éis bogadh ar aghaidh agus ar na torthaí a baineadh amach, mar shampla in idirphlé sóisialta earnálach Eorpach, Comhairlí Oibreacha Eorpacha nó trí mheicníochtaí ábhartha eile. I ndomhan domhandaithe, leanfaidh Eurofound air ag déanamh iniúchadh ar na forbairtí i **gcaidreamh tionsclaíoch lasmuigh den AE**.

## 4 Dálaí maireachtála a fheabhsú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn i bhfianaise éagothromaíochtaí eacnamaíochta agus neamhionannais shóisialta

Ní bheidh beartais mhargaidh shaothair leo féin imleor chun dálaí maireachtála maithe a ráthú do gach duine, nó chun na dainséir a bhaineann le sochaí ilroinnte a mhaolú. Ó thosaigh an ghéarchéim, d'éirigh caighdeán maireachtála mórán Eorpach níos measa, lena n-áirítear iad siúd ar mheánioncaim nár measadh iad a bheith faoi mhíbhuntáiste ná i mbaol eisiaimh shóisialta roimhe seo. Cén tionchar atá ag an ngéarchéim eacnamaíochta agus ag athchóiriú leasa shóisialaigh ar chaighdeáin mhaireachtála agus ar shlándáil eacnamaíoch na nEorpach? Cén tionchar a bhí ar inacmhainneacht agus cáilíocht na tithíochta, an oideachais, na sláinte agus na seirbhísí cúraim, agus rochtain orthu? Leanfaidh Eurofound air ag déanamh monatóireachta agus mapála ar **dhul chun cinn na ndálaí maireachtála agus cháilíocht na beatha** sna Ballstáit – le haghaidh grúpaí socheacnamaíocha éagsúla – ag tabhairt aird faoi leith ar an Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha (EQLS) chun freagraí a sholáthar ar na ceisteanna seo. Déanfar dul chun cinn na neamhionannas sóisialta, sláinte agus ábhartha a scrúdú maidir lena dtionchar ar fholláine, leibhéil iontaobhais agus sásaimh le gnéithe éagsúla den saol laethúil.

Is é an dúshlán do lucht déanta beartas ná beartais shóisialta a cheapadh lena gcothaítear dálaí feabhsaithe maireachtála agus tuilleadh deiseanna le haghaidh rannpháirtíochta gníomhaí sa tsochaí i dtráth ina bhfuil srianta buiséid.



© Axel Hartmann

*"Tá monatóireacht agus mapáil a dhéanamh ar dhul chun cinn na ndálaí maireachtála agus cháilíocht na beatha i mBallstáit an AE fós ina tosaíocht"*

Príomhcheist sa díospóireacht seo ná ról na **seirbhísí poiblí**, atá lárnach sa mhúnla sóisialta Eorpach. Conas is féidir na seirbhísí seo a athchóiriú chun buiséid laghdaithe agus riachtanais nua a chur san áireamh? Cad iad na cineálacha cur chuige nua i leith tairbhí agus soláthar seirbhíse atá indéanta? Déanfaidh Eurofound iniúchadh ar conas a sholáthraítear seirbhísí poiblí, agus cé a sholáthraíonn iad, in am déine, agus tuairisceoidh sé ar inrochtaineacht agus cáilíocht na seirbhísí sin ar fud na mBallstát.

Beidh **nuálaíocht shóisialta agus theicneolaíochta** riachtanach mar aon le hathchóirithe i seirbhísí. Bíonn sé deacair go minic tionchar na nuálaíochta sóisialta a mheasúnú. Aithneoidh Eurofound samplaí ina bhfuil cineálacha nuálacha cur chuige á n-ionchorprú go rathúil i mbeartais shóisialta, i gcláir agus i seirbhísí; soláthrófar fianaise chun a dtionchar a léiriú, ag tabhairt aird ar na modheolaíochtaí arna n-úsáid chun a dtionchar a mheasúnú.

Sa chomhthéacs sin, díreoidh Eurofound ar réitigh éifeachtacha agus chliste a aithint, go háirithe beartais agus tionscnaimh phraiticiúla arna bhforbairt chun **comhtháthú sóisialta** a chothú, agus aird faoi leith á tabhairt ar riachtanais grúpaí ar chuaigh an ghéarchéim eacnamaíochta agus buiséid dhéine i bhfeidhm orthu. Aithneoidh Eurofound bearta um chuimsiú sóisialta agus gníomhach – go háirithe iad sin ina bhfuil teaglamaí nua cineálacha cur chuige, páirtithe nó eagraíochtaí i gceist – a fhreagair ar riachtanais na ngrúpaí sin agus a chuir rannpháirtíocht i bhfostaíocht agus sa tsochaí chun cinn.

Dúshlán níos fadtéarmaí ná cad é an bealach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar athrú daonra san Eoraip. De bharr aosú an fhórsa saothair, chomh maith leis an bpobal i gcoitinne, ní mór bearta nua a thabhairt isteach maidir le **bainistíocht aoise** agus **an saol ag an obair agus an saol lasmuigh den obair a réiteach**. Go háirithe, déanfaidh Eurofound bearta a aithint agus a mheasúnú – i mbeartais phoiblí, ag na páirtithe sóisialta agus seirbhísí pobail – ina dtacaítear le cúram a sholáthar. Ní hamháin go mbíonn aosú sochaithe Eorpacha i gceist le hathrú déimeagrafach, ach bíonn an éagsúlacht mhéadaitheach a bhaineann le himirce agus soghluaisteacht mhéadaithe an lucht oibre le braith chomh maith.

Ní mór anailís a dhéanamh ar ról na **soghluaisteachta** agus na **himirce** i rannchuidiú le margaí saothair a fheidhmíonn go maith, mar atá léirithe i réimse tosaíochta beartais 1, mar aon leis an tionchar níos leithne ar an tsochaí. Bíonn tionchar ag soghluaisteacht agus imirce ar sheirbhísí sóisialta, sna tíortha a fhágtar agus sna tíortha glactha araon. Tá gá fós le bearta comhtháthaithe agus seirbhísí imleora fad is a bhfuil meath tagtha ar na buiséid atá ar fáil. Scrúdóidh Eurofound an chaoi ina bhfuil eagrú agus soláthar na seirbhísí sóisialta ag athrú chun riachtanais nua agus níos éagsúla a chomhlíonadh. Tabharfar aghaidh sa taighde seo ar chomhtháthú rathúil daoine nua sna tíortha glactha agus ar bhealaí chun déileáil leis an eis-sreabhadh saoránach ó thíortha a fhágtar agus ar riachtanais na ndaoine a bhíonn fágtha ina ndiaidh.

## Cnuastéamaí

Aithníodh raon saincheisteanna a bhfuil sé beartaithe ag an nGníomhaireacht dul i ngleic leo le linn na tréimhse 2013–2016 maidir le gach ceann de na ceithre réimse tosaíochta beartais thuas. Ón dearcadh forleathan sin, aithníodh roinnt cnuastéamaí a chabhróidh chun tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí agus chun a n-ionchuir a ghrúpáil, ag tabhairt fócais do straitéis chumarsáide Eurofound:

- ▶ Daoine Óga san Eoraip – *ionchais a fheabhsú do gach duine*
- ▶ Seirbhísí poiblí san Eoraip – *rochtain, cáilíocht agus inbhuanaitheacht a chinntiú*
- ▶ Obair inbhuanaithe – *todhchaí an tsaoil oibre san Eoraip*
- ▶ Cleachtais ina mbíonn bua ag gach taobh – *dálaí oibre maithe do láithreacha oibre ardfheidhmíochta*
- ▶ Idirphlé sóisialta san Eoraip – *a ról a fhorbairt i gcomhthéacs athraitheach*
- ▶ Fostaíochta – *poist a chaomhnú, a chruthú agus a chomhroinnt san Eoraip*
- ▶ Treochtaí i gcáilíocht na beatha – *tionchar na géarchéime agus meánaicme na hEorpa*
- ▶ Comhtháthú sóisialta – *troid i gcoinne na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta*
- ▶ Daoine scothaosta – *aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hoibre, an chúraim agus an chuimsithe*
- ▶ Soghluaisteacht agus imirce – *aghaidh a thabhairt ar fhostaíocht agus ar iarmhairtí sóisialta*

# 5. Príomhghníomhaíochtaí agus creat oibriúcháin



Le 35 bliain anuas, d'fhorbair Eurofound a chumas i roinnt príomhréimsí: monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus forbairtí i gcáilíocht na hoibre agus na beatha, mar aon le caidreamh tionsclaíoch agus athrú struchtúrtha, ag nascadh na dtorthaí sin chun beartais agus cleachtais a scrúdú agus a mheasúnú, agus eolas a chur in iúl agus díospóireacht agus malartú a eagrú lena spriocghrúpaí. Leanfaimid orainn ag díriú ar na cineálacha sin gníomhaíochta agus muid ag dul i mbun na gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach sna réimsí tosaíochta beartais do 2013–2016.

## Monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí agus forbairtí i gcáilíocht na hoibre agus na beatha, mar aon le caidreamh tionsclaíoch agus athrú struchtúrtha

Príomhthasc de chuid na Gníomhaireachta ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit le himeacht ama. Chun é sin a bhaint amach tá Eurofound tar éis a **faireachlanna agus a suirbhéanna uile-Eorpacha** a chruthú agus leanann sé air á bhforbairt. Tugtar bonn cirt don infheistíocht shuntasach sna huirlisí sin a bhunú agus a bheachtú leis an raon fairsing sonraí a tháirgeann siad. Trína ghníomhaíochtaí monatóireachta ní hamháin go bhfuil Eurofound in ann anailís a dhéanamh ar threochtaí agus sonraí a chur i gcomparáid ón tráth roimh an ngéarchéim agus ina diaidh, ach is féidir réimsí a aithint freisin ina bhfuil na saincheisteanna is géibheannaí agus ina bhfuil an phráinn is mó i gceist leis an gcuardach le haghaidh réiteach dá bhrí sin. Cuimsítear leis na huirlisí monatóireachta freisin bunús d'anailís níos doimhne agus d'obair thaiscéalaíoch Eurofound.

Cuirtear na huirlisí monatóireachta atá ar fáil do Eurofound i láthair go mionsonrach ar leathanaigh 22-23 thíos.

## Beartais agus cleachtais a iniúchadh agus a mheasúnú

Ba mhian le lucht déanta beartas a fháil amach cad iad na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar athrú dearfach agus conas is féidir le beartas cabhrú leis sin. Úsáidtear sonraí agus faisnéis ónár ngníomhaíochtaí monatóireachta chun eolas a sholáthar do lucht taighde faoin méid a oibríonn go maith. Soláthraíonn Eurofound freagraí trí **thaighde cás-staidéir** chomh maith le **taighde gnímh**. Cabhraíonn sé le **measúnú a dhéanamh ar bhearta beartais** ar féidir a dhéanamh trí mheastóireachtaí iontaofa agus neamhspleácha ar ionstraimí sna Ballstáit a aithint agus anailís a dhéanamh orthu, agus tuairiscí ar fhorfheidhmiú birt a chur le chéile le hagallaimh i measc na bpríomhghníomhaithe a bhí páirteach ina fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus faighteoirí an bhirt chomh maith. Ní hamháin go gcabhraíonn sé sin chun tionchar a mheasúnú agus cabhraíonn sé freisin chun tuiscint a fháil ar phróiseas an fhorfheidhmithe rathúil.

## Eolas a chur in iúl agus díospóireacht agus malartú a eagrú le spriocghrúpaí

Déanfaidh an clár oibre ceithre bliana iarrachtaí cumarsáide a phríomhshruthú, ag díriú ar phríomh-spriocghrúpaí agus ar chomhleanúnachas agus chomhtháthú na bpríomhthorthaí, agus déanfar é sin ar an mbealach is iomchuí agus is éifeachtaí ag baint leasa iomláin as an raon leathan teicneolaíochtaí cumarsáide atá ar fáil.

Tugann sé sin trí phríomhghné chumarsáide le tuiscint, atá léirithe anseo.

© iStockphoto.com/Photomorfic




> *"Is príomhfhócas é idirghníomhaíocht agus malartú a fheabhsú trí imeachtaí líonraithe a mhéadú agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide nua chun aiseolas agus idirphlé a éascú"*

## 1. Is é leibhéal an AE príomhfhócas na cumarsáide

Beidh gníomhaíochtaí cumarsáide Eurofound (agus, go hintuigthe, a obair thaighde) fós dírithe ar leibhéal an AE, is é sin, institiúidí an AE agus na páirtithe sóisialta ar leibhéal an AE, ag tarraingt le chéile teachtaireachtaí comhleanúnacha ar shaincheisteanna a bhaineann le beartas agus iad á soláthar in am trátha.

Cé go dtugtar tosaíocht do leibhéal an AE, leanfaidh Eurofound lena chuid teagmhála ar an leibhéal náisiúnta, go háirithe chomh fada is a bhaineann le dul i gcion ar bheartas AE nó lena chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta nó sa chás gur léir gur féidir le Eurofound faisnéis chomparáideach úsáideach a sholáthar ar shaincheisteanna atá ábhartha ar leibhéal Eorpach.

Sa chomhthéacs sin, beidh cumarsáid rialta ag Eurofound le rialtais, páirtithe sóisialta agus comhlachtaí trípháirteacha ar an leibhéal náisiúnta trí thionscnaimh scaipthe – i gcló agus go leictreonach araon – agus trí chur chuige ilteangach pragmatach. Tabharfar aird faoi leith ar thorthaí taighde a chur in iúl do phríomhpháirtithe bunaithe go náisiúnta atá ag feidhmiú ar leibhéal Eorpach. Go háirithe maidir leis sin, méadóidh Eurofound a chuid cumarsáide le comhlachtaí an-ábhartha amhail an Coiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC). Chomh maith leis sin, déanfar obair Eurofound a chur chun cinn níos mó i gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (EESC), i gCoiste na Réigiún, sa Choiste Idirphlé Sóisialta agus sna coistí idirphlé sóisialta earnálacha. Leanfar le cuairteanna chuig Ballstáit laistigh den chlár oibre ceithre bliana mar chuid d'idirphlé rollach leis na páirtithe leasmhara ar an leibhéal náisiúnta. D'fhéadfadh ról a bheith ag comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus comhfhreagraithe náisiúnta Líonra na bhFaireachlann Eorpach (NEO) in iolraitheoirí féideartha a aithint ar an leibhéal náisiúnta agus breithneoidh Eurofound tuilleadh cumarsáide le hinstitiúidí taighde náisiúnta sa chomhthéacs seo.

## 2. Torthaí a phríomhshruthú chun ábharthacht, tráthúlacht agus infheictheacht a mhéadú

Feabhsóidh Eurofound éifeachtacht a straitéise cumarsáide trí bhealaí nua a aimsiú chun torthaí a ghrúpáil. Déanfaidh

> *“Tá comhar le gníomhaireachtaí eile an AE atá ag obair i réimsí gaolmhara riachtanach chomh maith”*



© cedefop

sé a chuid faisnéise a phríomhshruthú níos fearr trí níos lú aschur, ach aschuir atá níos inrochtana agus níos tráthúla, le comhordú a dhéanamh ar theachtaireachtaí Eurofound ar bhuncheisteanna na díospóireachta ar bheartas sóisialta. Mar chuid den straitéis sin, tabharfaidh Eurofound isteach formáidí nuálacha, amhail r-leabhair agus formáidí foilsithe ar líne idirghníomhacha.

### 3. Idirghníomhaíocht agus malartú a fheabhsú trí imeachtaí líonraithe a mhéadú agus leas a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide nua chun aiseolas agus idirphlé a éascú

Tabharfar tosaíocht do sheimineáir bheaga agus tionscnaimh líonraithe, a bheidh dírithe go díreach ar dhaoine aonair lárnacha de réir a gcuid riachtanas faisnéise agus a gcumais dul i gcion ar chinntí. Glacfaidh Eurofound cur chuige corparáideach ina leith sin, trí chur i láthair, cuairteanna, rannchuidiú agus imeachtaí ar fud na heagraíochta.

Beidh an ghné thrípháirteach fíorthábhachtach i bhforbairt an chláir imeachtaí agus leanfar de thionscnaimh foghlama frithpháirtí a eagrú. Beidh ról níos mó ag seimineár Gréasáin, sruthú Gréasáin agus ionchuir fhuaime ar líne i malartú agus díospóireacht Eurofound. Beidh Fóram an Fhorais ar siúl i 2013 faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

Mar fhreagairt ar riachtanais faisnéise athraitheacha úsáideoirí, tairgfidh an láithreán Gréasáin idirghníomhaíocht mhéadaithe, lena n-éascófar ábhar arna ghiniúint ag úsáideoirí agus aiseolas cáilíochtúil. Déanfar úsáid meán digiteach a uasghrádú a thuilleadh chun trácht chuig an láithreán Gréasáin a mhéadú agus dá bhrí sin chuig torthaí taighde Eurofound. Déanfar athbhreithniú cuimsitheach ar an láithreán Gréasáin chun inrochtaineacht d’úsáideoirí a fheabhsú, méid a laghdú agus athruithe móra a bhaint amach a bheidh riachtanach le dul in oiriúint do chomhtháthú beartaithe fhaireachlanna Eurofound. Leathnóidh Eurofound a líonra teagmhála meán ar fud na 27 Ballstát, ach go sonrach chuig na tíortha a bheidh ina mbaill nua atá réidh le teacht isteach san Aontas Eorpach le linn an chláir oibre ceithre bliana atá amach romhainn.

Go háirithe, leanfaidh Eurofound air ag baint leasa as uachtaránachtaí an AE mar mheán tábhachtach chun aird a tharraingt ar a chuid oibre; agus déanfar a chlár comhoibrithe leis an gCoimisiún Eorpach a chomhtháthú isteach i bpleanáil fhoriomlán an chláir oibre.

## Creat oibriúcháin

Mar Ghníomhaireacht AE, leanfaidh Eurofound air ag cuidiú chun spriocanna **straitéis fáis na hEorpa**, **Eoraip 2020** a bhaint amach. Trína cuid gníomhaíochtaí sna ceithre réimse tosaíochta, bogfaidh an Ghníomhaireacht ar aghaidh leis na tionscnaimh shuaitheanta a aithnítear sa straitéis, go háirithe an tionscnamh suaitheanta *Clár do phoist agus do scileanna nua*, mar shampla trína cuid oibre a bhaineann le hathchóiriú an mhargaidh shaothair, aistrithe, neamhréireanna, lucht oibre atá ag dul in aois, cothromaíocht oibre is saoil, obair inbhuanaithe agus trí chumas na bpáirtithe sóisialta a threisiú. Rannchuideoidh monatóireacht ar chruthú poist agus caillteanas poist agus athruithe struchtúracha sa mhargadh saothair leis an tionscnamh suaitheanta *Beartas*



© 2012 Jupiterimages Corporation

> *Tá sé beartaithe ag Eurofound níos mó comparáide domhanda a chuimsiú ina chuid oibre taighde*



*tionsclaíoch do ré an domhandaithe*. Cabhróidh obair ar bhearta um neamhionannas, daoine bochta ag obair agus cuimsiú gníomhach, i measc ghníomhaíochtaí eile Eurofound, leis an tionscnamh suaitheanta *Ardán Eorpach i gcoinne na bochtaineachta*. Cabhróidh obair ar aistriú daoine óga isteach sa mhargadh saothair agus ar a gcuimsiú sa tsochaí leis an tionscnamh suaitheanta *An óige ag bogadh*. Is féidir le Eurofound cur lena chomhar seanbhunaithe, go háirithe le hArd-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú an Choimisiúin. Rannchuideoidh an Ghníomhaireacht le foilseacháin suaitheanta amhail an tuarascáil *Employment and Social Developments in Europe* agus an *Employment and Social Situation Quarterly Review* beidh sé páirteach i bhforfheidhmiú roinnt gníomhartha amhail iad siúd atá san áireamh sa phacáiste Fostaíochta nó sa phacáiste Sóisialta atá le teacht.

Cuirfidh Eurofound a chláir oibre i gcomhréir le **tionscnaimh bheartais na bpríomhpháirtithe** ar an leibhéal Eorpach, mar a léiríodh, mar shampla, i gclár oibre na gcomhpháirtithe sóisialta nó cláir ghnó agus tionscnaimh institiúidí an AE agus a gcoistí ábhartha. Tá an Ghníomhaireacht réidh chun tacú le cur i bhfeidhm na gclár sin trína cuid oibre má iarrtar uirthi a leithéid a dhéanamh.

Féadfaidh Eurofound faisnéis a sholáthar a bhaineann le tionscnaimh **earnálacha** agus le **tuairisciú náisiúnta**. Rachaidh sé sa tóir ar tuilleadh sineirgí ina n-aschuir earnála agus náisiúnta, ag comhtháthú torthaí óna shuirbhéanna, ranníocaíochtaí ó chomhfhreagraithe náisiúnta ina Fhaireachlanna Eorpacha agus taighde eile.

Tá comhar le **gníomhaireachtaí eile an AE** atá ag obair i réimsí gaolmhara riachtanach chomh maith.

Tá socruithe comhair ar bun leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (AE-OSHA), an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (CEDEFOP), an Fhondúireacht Eorpach Oiliúna (ETF), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA). Foráiltear sna comhaontuithe seo go n-eagrófar comhairliúchán luath ar fhorbairt na gclár oibre agus go ndéanfar iad a chomhlánú le pleananna gníomhaíochta bliantúla ina ndéanfar foirmeacha breise malartaithe agus, nuair is cuí, comhghníomhaíochtaí a chomhaontú. Deimhnítear comhlántacht gníomhaíochtaí leis sin agus cumasaítear do shineirgí a bhaint amach. Aithneoidh Eurofound bearnaí eolais nár thug daoine eile aghaidh orthu inar féidir leis an nGníomhaireacht rannchuidiú soiléir a dhéanamh. Déanfaidh sé iniúchadh ar chomhpháirtíochtaí le hinstitiúidí taighde atá ag déanamh taighde chomparáidigh sa réimse socheacnamaíoch le haghaidh ábhar agus gníomhaíochtaí ar leith, chun cumas na Ghníomhaireachta a threisiú.

Tá an gá aird níos mó a thabhairt ar an méid atá á dhéanamh ag geilleagair eile léirithe go soiléir i straitéis an Aontais Eorpaigh. Tá sé beartaithe ag Eurofound níos mó **comparáide domhanda** a chuimsiú ina chuid oibre taighde. Beidh sé sin ag brath ar chomhoibriú a threisiú le heagraíochtaí a bhfuil saineolas acu, mar aon le rochtain ar fhaisnéis faoi thíortha lasmuigh den Eoraip. Forbraíodh comhar leis an EIS agus an ECFE roimhe seo agus is é an pointe tosaigh chun bealaí eile a aimsiú sa tréimhse 2013–2016.





## Uirlisí monatóireachta Eurofound: Faireachlanna agus suirbhéanna Eurofound

### Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip

Cuireann an **Suirbhé ar Dhálaí Oibre san Eoraip (EWCS)** ar chumas Eurofound monatóireacht a dhéanamh ar theacht chun cinn na ndálaí oibre ó 1991 i leith. Is iad a chuspóirí ná dálaí oibre a thomhas ar fud tíortha Eorpacha ar bhonn comhchuibhithe, anailís a dhéanamh ar an ngaol idir gnéithe éagsúla de dhálaí oibre, agus grúpaí i mbaol agus ábhair imní a aithint, mar aon le réimsí dul chun cinn. Dá bhrí sin, féadfaidh sé cabhrú le beartais Eorpacha a fhorbairt ar cháilíocht inbhuanaithe oibre agus ar shaincheisteanna fostaíochta. Tabharfaidh anailís ar shonraí ón gcúigiú sraith den EWCS (2010) chomh maith leis an séú EWCS i 2015 léargais ar threochtaí agus forbairtí. Cabhróidh sé freisin chun réimsí a aithint le haghaidh tuilleadh taighde ar bhearta beartais agus cineálacha cur chuige arna ndearadh chun dálaí oibre a fheabhsú, go háirithe do na hoibrithe sin atá nochta do roinnt dálaí oibre neamhfhabhracha. Déanfar an comhar reatha leis an EIS, chun dearcadh domhanda ar dhálaí oibre a fhorbairt, a shíneadh a thuilleadh.[3]

### Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha

Soláthraíonn an **Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht na Beatha (EQLS)** sonraí do Eurofound chun monatóireacht a éascú ar threochtaí agus forbairtí sular thosaigh an ghéarchéim eacnamaíochta agus ó shin i leith. Soláthróidh anailís ar an tríú sraith (2011–2012) dearcthaí tábhachtacha ar staid na saoránach Eorpach agus sonróidh sé grúpaí socheacnamaíocha, ag cabhrú chun réimsí a aithint le haghaidh taighde ar bhearta beartais agus cineálacha cur chuige arna ndearadh chun folláine agus cáilíocht na beatha a fheabhsú. Ullmhófar ceithre shraith den suirbhé, agus déanfar an obair allamuigh i 2016.

Cuirfidh uainiú na chéad sraitheanna eile den EWCS agus den EQLS, atá beartaithe le haghaidh 2015 agus 2016 faoi seach, ar chumas Eurofound ag tús na tréimhse ceithre bliana iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ina bhféadfaí na suirbhéanna a fheabhsú, an fhéidearthacht de chomparáid dhomhanda níos fairsinge agus d'anailís a dhéanamh ar bhealaí féideartha chun an anailís ar dhálaí maireachtála agus oibre a chomhcheangal.

### An Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí

Cuirfear obair allamuigh don tríú sraith den **Suirbhé Eorpach ar Chuideachtaí (ECS)** i gcrích i 2013. Cabhróidh an anailís ar shonraí le linn an chláir oibre ceithre bliana chun réimsí a aithint le haghaidh tuilleadh taighde ar chleachtais chuideachta nuálacha agus soláthróidh sí bonn chun cásanna a roghnú le go ndéanfaí tuilleadh imscrúdaithe orthu.

Ós rud é nach gcuirfear an ceithre sraith den ECS i bhfeidhm roimh 2016, le linn an chláir ceithre bliana seo déanfaidh Eurofound machnamh ar cén ceisteanna taighde is gá a fhreagairt maidir le cleachtais chuideachta agus déanfaidh sé iniúchadh ar na roghanna uile don tslí is fearr chun monatóireacht a dhéanamh ar na saincheisteanna seo.

[3] Mar thoradh d'fhéadfadh go mbeadh cur chun cinn an sceidil don séú EWCS.




## Faireachlann Eorpach um chaidreamh tionsclaíoch agus dálaí oibre

Tá aitheantas ar Eurofound do ghníomhaíochtaí monatóireachta na **Faireachlainne Eorpaí um Chaidreamh Tionsclaíoch (EIRO)**, a bunaíodh in 1997. Ó 2003 i leith, d'óstaigh sé **Faireachlann Dálaí Oibre na hEorpa (EWCO)** chomh maith agus rinneadh gníomhaíochtaí an dá fhaireachlann a chomhtháthú de réir a chéile. Le linn tréimhse an chláir oibre ceithre bliana seo, beidh Faireachlann chomhtháite nua ar chaidreamh tionsclaíoch agus dálaí oibre mar an bpointe rochtana d'ábhar Eurofound ar an saol oibre. Bunaithe ar líonra uile-Eorpach de comhfhreagraithe náisiúnta, soláthróidh sé faisnéis thráthúil agus dea-struchtúrtha ar fhorbairtí ar leibhéal náisiúnta (agus Eorpach), atá fíorthábhachtach don díospóireacht Eorpach ar chaidreamh tionsclaíoch agus dálaí oibre. Éascóidh ionchuir náisiúnta ó shaineolaithe comparáidí idir forbairtí agus faisnéis a chur i gcomhthéacs. Cuirfear an méid sin le chéile le taighde eile Eurofound, lena gcuirfear ar chumas na Faireachlainne torthaí taighde ar an saol oibre a bhaineann le beartas a thuairisciú ar bhealach níos comhtháite.

## An Lárionad Eorpach um Fhaireachán ar Athrú

Leanfaidh an **Lárionad Eorpach um Fhaireachán ar Athrú (EMCC)** ag déanamh monatóireachta ar athruithe i margaí saothair. Coinneoidh sé lena fhorbairt i dtreo bheith ina ionad ilfhreastail le haghaidh faisnéise ar athstruchtúrú, lena gcomhtháthaítear codanna cainníochtúla agus cáilíochtúla an Mhonatóra Athstruchtúraithe Eorpaigh (ERM) agus torthaí thionscadail eile Eurofound maidir le hathstruchtúrú. Leanfaidh an Monatóir Post Eorpach (EJM) d'fhorbairtí a aithint i struchtúr fostaíochta na hEorpa agus déanfaidh sé treochtaí Eorpacha a ionadú i ndearcadh comparáideach domhanda. Cuirfear tuilleadh anailíse i láthair faoin EMCC agus cuirfear béim níos mó ar an ngné oirchilleach, mar shampla i réimse an athstruchtúraithe, agus ar chúiseanna an athraithe a aithint, ag baint úsáide, mar shampla, as sonraí arna nginiúint ag an EJM.

# 6. Acmhainní eagraíochtúla



## 1 Acmhainní airgeadais

Is iad tréithe na réimse airgeadais do na ceithre bliana amach anseo den chlár ná buiséid phoiblí níos doichte do na Ballstáit agus, dá bhrí sin, d'institiúidí agus comhlachtaí an AE. Tá Eurofound tiomanta do thaighde ardchaighdeáin a sholáthar dá pháirtithe leasmhara áfach, trína éifeachtúlacht a fheabhsú fad is a gcloítear leis na héilimh mhéadaitheacha ar bhainistiú iontaofa ar a chuid acmhainní.

Rinneadh na toimhdí thíos chun an ranníocaíocht ó Bhuiséad an AE a phleanáil. Má dhéantar an ranníocaíocht arna meas a athrú beidh orainn pleanáil an chláir seo a chur in oiriúint dó sin.[4]

- Is Gníomhaireacht ar 'luas cúrsóireachta' é Eurofound áfach, a bhfuil éilimh mhéadaitheacha uirthi ó pháirtithe leasmhara de thoradh ar an staid eacnamaíoch agus shóisialta reatha.
- Beidh sé deacair méadaithe praghais a sheachaint i réimsí lárnacha dár sainordú (mar shampla, suirbhéanna agus faireachlanna).
- Le linn na mblianta amach romhainn, tiocfaidh méadú thart ar 5% ar an gcostas oibriúcháin i gcomparáid le AE27 de thoradh ar Bhallstáit nua AE a bheith ag teacht isteach (an Chróit agus b'fhéidir an Íoslainn). Go dtí seo rinneadh tíortha is iarrthóirí agus tíortha aontachais a mhaoiniú le cistí breise ón gCoimisiún (Ionstraim um chúnamh réamhaontachais). Dá ndéanfaí na costais sin a mhaoiniú ón mbuiséad ginearálta gan foráil a dhéanamh do mhéadú an AE, ní fhéadfaí an sainordú a chomhlíonadh ar an leibhéal reatha. Déantar foráil sa réamhaisnéis fóirdheontais le haghaidh 2014 do chuimsiú na Cróite, agus b'fhéidir na hÍoslainne, sna tionscadail agus sna gníomhaíochtaí ábhartha.
- Déanfaidh Eurofound a dhícheall an chuid is mó den bhoilsciú ionchais a fhritháireamh trí ghnóthachan éifeachtúlachta i ngach réimse den eagraíocht.

Tá scoilt mhionsonrach sna línte ioncaim agus caiteachais difriúla le fáil i dTábla 1.

---

[4] Ag tráth scríofa, ní rabhthas tar éis glacadh le creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh, rud a chur le hardleibhéal éiginnteachta.

**Tábla 1**

| 1. IONCAM (i míle €) | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Fóirdheontas ginearálta | 20,371 | 21,000 | 21,210 | 21,450 |
| IPA/ENP (Ionstraim um chúnamh réamhaontachais/Clár Comharsanachta na hEorpa) | 200 | 200 | 200 | 200 |
| Deontais eile | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Ioncaim ó sheirbhísí eile | 160 | 160 | 160 | 160 |
| **IONCAM MEASTA IOMLÁN** | **20,731** | **21,360** | **21,570** | **21,810** |

| 2. CAITEACHAS (i míle €) | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| 1. Foireann (Teideal 1) | 11,755 | 11,900 | 12,050 | 12,200 |
| 2. Foirgnimh, trealamh agus caiteachas oibríochtúil ilghnéitheach (Teideal 2) | 1,508 | 1,520 | 1,530 | 1,540 |
| 3. Caiteachas oibríochtúil (Teideal 3) | 7,468 | 7,940 | 7,990 | 8,070 |
| **CAITEACHAS MEASTA IOMLÁN** | **20,731** | **21,360** | **21,570** | **21,810** |


Is í an phríomhuirlis chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcothromaíocht cheart idir acmhainní a uasmhéadú le haghaidh gníomhaíochtaí oibriúcháin, fad is a chinntítear éifeachtúlacht agus comhlíontacht i ngach feidhm tacaíochta, ná buiséadú bunaithe ar ghníomhaíocht (ABB), mar aon le pleanáil agus bainistíocht bunaithe ar ghníomhaíocht (ABM). Ar feadh roinnt blianta cheana féin, bhí Eurofound in ann níos mó ná 80% dá acmhainní iomlána (foireann agus airgead) a chur isteach ina chuid gníomhaíochtaí oibriúcháin, mar a shainítear sa 'trí ghníomhaíochtaí arna ndearadh chun eolas a mhéadú agus a scaipeadh' (féach caibidil 2).

Léirítear i dTábla 2 léirthuiscint ar conas ar cheart gníomhaíochtaí oibriúcháin agus gníomhaíochtaí tacaíochta a chothromú sna ceithre bliana atá le teacht.

**Tábla 2**

| GNÍOMHAÍOCHTAÍ (i míle €) | 2013 | % | 2014 | % | 2015 | % | 2016 | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Taighde | 12,510 | 60% | 12,940 | 61% | 13,070 | 61% | 13,200 | 61% |
| Faisnéis & Cumarsáid | 4,310 | 21% | 4,445 | 21% | 4,500 | 21% | 4,540 | 21% |
| Riarachán & Tacaíocht | 3,911 | 19% | 3,975 | 19% | 4,000 | 19% | 4,070 | 19% |
| **BUISÉAD IOMLÁN** | **20,731** | **100%** | **21,360** | **100%** | **21,570** | **100%** | **21,810** | **100%** |






## 2 Acmhainní daonna


Tarlaíonn an clár oibre ceithre bliana 2013–2016 i gcomhthráth le ciorruithe buiséid agus acmhainní daonna do chomhlachtaí uile an AE. Forbraíodh an clár seo faoin toimhde go ndéanfar líon na foirne a ghearradh faoi 5% de réir mar atá á moladh ag an gCoimisiún Eorpach faoi láthair. Beidh tionchar aige sin ar phríomhghníomhaíochtaí Eurofound agus beidh gá soláthar a dhéanamh ar leibhéal ard agus ar chaighdeán ard le níos lú acmhainní. Chun é sin a bhaint amach, cuirfidh Eurofound béim láidir ar fhorbairt scileanna lena chinntiú go mbeidh an fhoireann ullamh chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Ina theannta sin, cuirfear béim níos mó ar bhainistíocht feidhmíochta agus fórsa saothair, agus déanfar córais agus próisis a phríomhshruthú.

Mar gheall ar an líon mór foirne oilte a gabhadh isteach idir 2009 agus 2012 tá Eurofound i staid mhaith chun riachtanais a pháirtithe leasmhara a chomhlíonadh, fiú amháin i gcomhthéacs fórsa saothair laghdaithe.

# 7. Measúnú agus monatóireacht ar fheidhmíocht

Tá córas meastóireachta agus monatóireachta cuimsitheach ar bun, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta airgeadais iontaofa, agus **caighdeáin rialaithe inmheánaigh** Eurofound. Soláthróidh sé sonraí agus anailís ar chur i bhfeidhm agus torthaí an chláir seo. Tá '**Córas Tomhas Feidhmíochta Eurofound**' (EPMS) i bhfeidhm ó 2006 i leith agus tá sé bunaithe ar mhodheolaíocht an Scórchárta Ualaithe. Cuirfidh an EPMS a bhearta agus a tháscairí reatha i gcomhréir leis an gcuspóir straitéiseach do 2013–2016 'eolas ardchaighdeáin, tráthúil, a bhaineann le beartais a sholáthar mar ionchur le haghaidh beartas níos eolaí i gceithre réimse tosaíochta' (mar atá léirithe i gcaibidil 3). Is í an uaillmhian ná feabhas a chur ar an anailís ar shonraí feidhmíochta chun tacú le cinnteoireacht agus tuairisciú. Déanfar faisnéis cháilíochtúil a threisiú a thuilleadh, chomh maith leis na sonraí cainníochtúla atá á mbailiú. Braithfidh sé sin go mór ar **chlár meastóireachta ceithre bliana** Eurofound, lena n-áirítear clár cuimsitheach um aiseolas ó chustaiméirí. Tacóidh saineolaithe seachtracha leis na hacmhainní meastóireachta inmheánacha chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a dhearbhú ar bhonn leanúnach. Tá na meastóireachtaí cláir éigeantacha rialta tábhachtach, cé nach bhfuil iontu ach ceann amháin de mórán gníomhaíochtaí meastóireachta. Ba cheart go soláthródh an cur chuige comhtháite seo i leith monatóireachta agus meastóireachta pictiúr cuimsitheach, lena léireofar feidhmíocht Eurofound agus a ábharthacht leanúnach.

Creat Eurofound um measúnú agus monatóireacht ar fheidhmíocht



**An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú**

**Ó ghéarchéim go téarnamh: Clár oibre ceithre bliana 2013–2016**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2012 – 27 pp. – 17,6 x 25 cm

EF/12/52/GA

Is comhlacht AE trípháirteach é an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), arb é a ról ná torthaí, eolas agus comhairle arna bhfáil ó thaighde comparáideach a sholáthar do na príomhghníomhaithe i ndéanamh beartas sóisialta. Bunaíodh Eurofound i 1975 le Rialachán CEE Uimh. 1365/75 ón gComhairle an 26 Bealtaine 1975.

Publications Office